Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10949 - GONVARRI / SCAIRSHEALBHÓIRÍ TROMLAIGH / HIDRIA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 428/11)

1. An 28 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Gonvarri Corporación Financiera, S.L.,A ("Gonvarri", an Spáinn), faoi rialú CEK Desarrollo y Gestión Industrial, S.L. ("Grúpa ACEK", an Spáinn),

— Inovatis d.o.o., Ladis d.o.o., Alex Luckmann agus Rafis d.o.o. (Is iad sin i bhfochair a chéile na "Scairshealbhóirí Tromlaigh", an tSlóivéin),

— H & R d.d. Družba za upravljanje z naložbamiA ("Hidria", an tSlóivéin), cuideachta atá faoi rialú na Scairshealbhóirí Tromlaigh faoi láthair.

Gheobhaidh Gonvarri agus na Scairshealbhóirí Tromlaigh rialú comhpháirteach ar Hidria de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Gonvarri gníomhach i réimsí na seirbhísí cruach, na láimhseála ábhair, na mbeachtfheadáin agus na struchtúir mhiotail, agus tá Gestamp Automoción, atá i ngrúpa ACEK dála Gonvarri, gníomhach ar fud an domhain i réimse na gcomhpháirteanna mótarfheithiclí.

— Tá na Scairshealbhóirí Tromlaigh gníomhach go príomha mar scairshealbhóirí de chuid Hidria.

— Táirgeann Hidria raon táirgí mótarfheithiclí agus táirgí tionsclaíocha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10949 - GONVARRI / SCAIRSHEALBHÓIRÍ TROMLAIGH / HIDRIA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË